



Preasráiteas

Lucsamburg, 8 Meán Fómhair 2022

Déanann iniúchóirí an Aontais rioscaí a shainaithint maidir le pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil

Bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) in 2021 chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindeim COVID-19 a mhaolú. Chun sciar níos mó ná €700 billiún a fháil den tacaíocht airgeadais AE atá ar fáil faoi RRF, ní mór do Bhallstáit pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a thíolacadh a ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach scrúdú orthu. De réir tuarascála speisialta a foilsíodh inniu ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), is iondúil go bhfuil measúnú an Choimisiúin iomchuí ach tá rioscaí ann maidir leis na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil amhail garspíocanna agus spíocanna doiléire.

“Is ionstraim uathúil í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta atá dírithe ar thacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí na mBallstát agus dá bhrí sin lena dtéarnamh agus lena n-athléimneacht” a dúirt Ivana Maletić, an comhalta CIE a rinne an iniúchóireacht seo a stiúradh. “Tá príomhról ag infhaighteacht thráthúil tacaíochta, ach ní chuirfeadh sé isteach ar bhainistíocht fhóna airgeadais. Ní mór trédhearcacht lán agus rialuithe éifeachtacha a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú go n-úsáidtear cistí ón Aontas chun na críche atá beartaithe dóibh agus a dtionchar beartaithe a bhaint amach.”

Rinne na hiniúchóirí scrúdú ar phróiseas an Choimisiúin maidir le pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a mheas agus ar an treoraíocht a cuireadh ar fáil do na Ballstáit sa chomhthéacs seo. Do shé Bhallstát (an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit agus an Iodáil), d’fhóraigh na hiniúchóirí freisin ar áirithigh measúnú an Choimisiúin comhlíonadh le coinníollacha na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

Fuair siad go raibh an measúnú iomchuí go ginearálta. Bhí meastóireachtaí an Choimisiúin bunaithe ar threoirínite agus ar sheicliostaí cuimsitheacha inmheánacha. Níor bhain na measúnóirí úsáid as na treoirínite sin go córasach nó go haonfhoirmeach don mheasúnú cáilíochtúil áfach, agus amanna ba dheacair an measúnú a rianú dá bharr.

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

De réir na n-iniúcháirí, is dócha go rannchuideoidh na pleananna téarnaimh agus athléimneachta leis na réimsí beartais atá ábhartha do RRF, ach tá méid a rannchuidiú éagsúil agus beidh a thionchar fós le feiceáil i gcleachtas. Ar an gcuma chéanna leis an gconclúid a bhí ag an gCoimisiún ina mheasúnú féin, fuair na hiniúcháirí nach dócha go ndéanfadh na bearta sa sampla iniúchta seo dochar suntasach don chomhshaol. Ní raibh bearta chun tionchar ar an gcomhshaol a mhaolú curtha san áireamh go córasach i bhfoirm garspriocanna nó spriocanna sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta áfach.

Chuir measúnú an Choimisiúin feabhas ar cháilíocht na ngarspriocanna agus na spriocanna, a fuair na hiniúcháirí. Mar sin féin, bhí easpa soiléireachta ag baint le cuid acu agus níor cumhdaíodh príomhchéimeanna an chur chun feidhme agus níor cuireadh cur chuige comhchuibhithe i bhfeidhm i gcónaí ar fud na mBallstát. Léirigh measúnú an Choimisiúin ar na costais mheasta go raibh easpa faisnéise ann i gcás bearta áirithe. Léirigh sé freisin an fíoras go raibh na próifíil eisíocaíochta mar thoradh ar chaibidlíochtaí seachas iad a bheith ina léiriú ar na costais bhunúsacha.

Chomh maith leis sin, rinne na hiniúcháirí measúnú féachaint ar áirithigh measúnú an Choimisiúin gur thug na pleananna téarnaimh agus athléimneachta aghaidh ar na moltaí tírshonracha uile nó fothacar suntasach a rinneadh i gcomhthéacs sheimeastar na hEorpa – timthriall an Aontais i dtaca leis an mbeartas eacnamaíoch, fíoscach, saothair agus sóisialta a chomhordú. Thug na hiniúcháirí ar aire nach dtugtar sainmhíniú ar an méid atá i gceist le “fothacar suntasach” de na moltaí tírshonracha sa mheasúnú agus dá bhrí sin, déantar an cinneadh go pointe áirithe ar bhonn breithiúnais, go háirithe i gcásanna inar shainnaithin an Coimisiúin bearnaí. Fuair na hiniúcháirí freisin nár tugadh aghaidh ar roinnt gnéithe de na moltaí tírshonracha ar fud na mBallstát sa sampla iniúcháireachta.

Faisnéis chúlra

I mí Iúil 2020, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach ar chiste téarnaimh arbh fhiú níos mó ná €800 billiún é – NextGenerationEU. Is í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta atá i gcoilár an chiste, agus is fiú suas go dtí €723.8 billiún (i bpraghsanna reatha) ar an iomlán í sin. Is é seo an chéad iniúchadh i sraith ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ceann de na tosaíochtaí atá ag CIE chun aghaidh a thabhairt ar fhreagairt an Aontais ar an bpaindéim COVID-19 ar fud ghnéithe éagsúla beartais, lena n-áirítear rialachas eacnamaíoch.

Tá an Tuarascáil speisialta 21/2022 maidir le “*Measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta – Iomchuí ar an iomlán, ach tá rioscaí fós ann don chur chun feidhme*” ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Cúirte](#).

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – T: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu - T: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – T: (+352) 621 552 224